

O MONACHÁIN

AN CHÚIRT UACHTARACH

Walsh J.  
Henchy J.  
Griffin J.  
(89-1980)

Idir


TOMÁS Ó MONACHÁIN

Gearánai

agus

AN TAOISEACH AGUS DAOINE EILE

Cosantóiri



Walsh J. 16-7-1982

Ar an dara lá de Feabhra 1976 do bhí an t-achomharcóir i láthair i gCúirt Dúiche Bun Beag i gContae Dhún na nGall mar cosantóir in aghaidh ghearán gur bhris sé an dlí a bhaineann le pleanáil agus forbairt. Dúradh gur dhein sé talamh a usaíd chun carabhná nō teach soghluaise a shuí gan ceadúnas faoi fho-alt (1) d'alt 24(3) den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1963.

B'é an Breitheamh Dúiche Patrick Keenan Johnson a bhí in a shuí an lá sin agus b'eisean an Breitheamh a bhí ceaptha agus sannta chun an Duiche Chúirte i gContae Dún na nGall in a bhfuil Bun Beag. Bhí an Ghaeilge in úsaíd ghinearálta i liomatáiste fairsing thart fán Bhun Bheag. Is cinnte go mbaineann alt 71 den Acht Cúirteanna Breithiunais 1924 leis an liomatáiste seo. Deireann an tAlt sin mar seo leanas:

"Sa mhéid gur féidir é agus gach ní a bhaineann leis an scéal d'áireamh, beidh ag an mBreitheamh den

Chúirt Dúithche, a ceapfar do Dhúthaigh ina bhfuil líomatáiste ina bhfuil an Ghaedhilg in ússáid ghenerálta, oireadh eolais ar an nGaedhilg agus chuirfadh ar a chumas déanamh in éamais conganta o fhear teangan agus fianaise a tabhaint sa teangain sin."

Nuair a glaodh an chuíis ar an lá úd do chuir an Gearánaí in iúl don Chuirt go mba mhian leis é féin a chosaint agus a chuid fianaise a thabhairt as Gaeilge. Níor chuireadh aon ní i gcoinne sin ach lean an Gearánaí ná raibh sé toilteanach dul ar aghaidh le'n a chuíis toisc, mar a duirt sé, na raibh ar cumas an Bhreithimh an chuíis a thuiscint "in éamais conganta o fhear teangan". D'fhogair an Breitheamh go rachadh sé ar aghaidh le cabhair o teangaire. Ní raibh an Gearánaí sásta dul ar aghaidh ar na téarmaí sin. Do dhiúltaigh an Breitheamh an cás a chur ar athló ar iarratas an Ghearánaí. Do leanadh leis an gcúis agus chiontaíodh an Gearánaí agus gearradh fineáil £5 air agus £23.75 d'íoc mar chostais agus an t-ionmlán d'íoc laistigh de thrí mhí nó mí a chaitheamh i bpriúisún Mountjoy.

Ar an 11ú lá Bealtaine 1976 bhí an Gearánaí arís ós comhair na Chúirte sa Bhun Beag. Do cúisíodh ar an ócaíd seo gur sháraigh sé arís, ar an 12ú lá de Feabhra 1976, an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1963. An uair seo bhí an Breitheamh Dúiche

Michael Larkin i gceannas na cúirte agus do lean an Gearánaí leis an cúrsa céanna a ghlac sé ós comhair an Breitheamh Keenan Johnson. Sa bhreis, ar an ócáid seo do phléadáil an Gearánaí ná raibh dlínse ar bith ag an gCúirt dul ar aghaidh le'n a chuíis toisc, mar a duírt sé, ná raibh a dhóthain Gaeilge ag an mbreitheamh chun an fianaise a thuiscint gan cabhair fear teangan. Do chuaigh an breitheamh ar aghaidh le cabhair fear teangan agus ciontaíodh an Gearánaí. Gearradh fíneáil £8.80 agus £23.85 costais ar an Ghearánaí agus trí mhí i bpriosún in éagmais an t-iomlán a íoc laistigh de aon mhí amháin.

San Árd-Chúirt do thionscnaigh an Gearánaí imeachtaí i gcoinne gach aon duine de'n Rialtas, i gcoinne an t-Árd Aighne agus i gcoinne na mBreithiun Keenan Johnson agus Larkin. Maidir le muintir an Rialtais do bhí sé ag lorg ordú ag dearbhú gur theip ar an Rialtas agus ar an Aire Dlí agus Cirt na dualgais a leagadh ortha faoi alt 71 den Acht de 1924 do chomhlíonadh - sé sin le rá go raibh dualgas reachtuíl ortha gan aon Bhreitheamh Duiche a cheapadh don Bhun Beag go h-áirithe nach raibh ar a chumas an fianaise tugtha as Gaeilge a thuiscint gan cabhair ó fhearr teangan. Baineann seo le foirléiriú alt 71.

Is soileir nach bhfuil aon dualgas iomlán leagtha síos san alt. Labhrann se ar "sa mhéid gur féidir é

agus gach ní a bhaineann leis an scéal d'aireamh". San am céanna is soileáir go bhfuil dualgas reachtúil ar an Rialtas faoi chuimsiú na cinnteachtaí sin gan Breitheamh Dúiche a ceapadh do dhúiche faoi chuimsiú an ailt muna bhfuil "oiread eolais ar an nGaedhilig agus chuirfadh ar a chumas déanamh in éamais conganta o fhear teangan agus fianaise á tabhairt sa teangain sin". An raibh aon sárú dualgais ar phairt an rialtais? Ní dóigh go raibh.

Maidir leis an Breitheamh Keenan Johnson, tá mé sásta ó scribhinn na fianaise go raibh a dhóthain Gaeilge aige pé ná raibh sé ceaptha mar Bhreitheamh Dúiche do'n dúiche ina bhfuil an Bun Beag. An lá úd, 2ú Feabhra 1976, ní raibh sé ann ach mar bhreitheamh sealadach. Cé go bhfuil a dhóthain Gaeilge ag an mbreitheamh chun an t-alt a shású níl aon dualgas leagtha air an chúis a chloisint gan fear teangan nó an chúis go léir a phlé as Gaeilge. Ar an ócáid seo do bhí Gaeilge aige ach do bhí sé cúramach faoi'n fiontar go m'bfheidir nach dtuigfeadh sé gach aon fhocal de chaint Dún na nGall - agus do bhí an ceart aige bheith cúramach.

Dá bhrí sin tá mé sásta, chomh fada is a bhaineann leis an mbreitheamh Keenan Johnson na raibh sárú dualgais ar phairt an Rialtais mar do bhí a dhóthain Gaeilge ag an mbreitheamh agus pé scéal é ní raibh sé ceaptha do'n dúiche i gceist fe bhrí alt 71.

Maidir le ceist an Breitheamh Larkin tá mé sásta ná raibh a dhóthain Gaeilge aige chun an t-alt a chomhlíonadh. Ní féidir locht dlíthiúil a chur ar an mbreitheamh faoi sin agus má tá locht á fháil leis an rud gur ceapadh é don dúiche sin ní air fein an locht as.

Ach an raibh locht ann? Do shannaiodh an Breitheamh Larkin chuig an dúiche ina bhfuil an Bun Beag ar an 29ú Mean Fómhair 1961. San chosaint deireann an Rialtas nuair a bhí an Breitheamh Larkin ceaptha mar bhreitheamh do'n liomatáiste ina bhfuil an Bun Beag gur thug an Rialtas "an aird ba chóir ar an méid a fhéidir a dhéanamh agus ar gach ní a bhain leis an scéal faoi bhrí Alt 71." Níor tugadh aon fhianaise chun é sin a dheimhniú ach má glacfar leis ní bhaineann sé ach leis an dáta ar ar ceapadh an Breitheamh Larkin don dúiche. Do bhí go leor ama chun an ní a réitiú roimh an 11ú Bealtaine 1976 - bhí cúig bliain déag ann chun duine oiriúnach a fháil. Níl aon fhianaise ann chun a thaispeáint nár bhfeidir breitheamh oiriúnach a cheapadh do'n dúiche i gceist.

Dá bhrí sin tá mé sásta gur theip ar an Rialtas agus ar an Aire Dilí agus Cirt a ndualgais reachtúla faoi alt 71 den Acht a chomhlíonadh ar an 11ú la de Bhealtaine 1976.

Ach an mbaineann sin le dlínse an Breitheamh Larkin? Ní dóigh liom go mbaineann. Bhí dlínse an Bhreithimh

bunaithe ar a cheapachán mar breitheamh de'n Chuirt Dúiche ar an gcéad dul síos, rud nach bhfuil i gceist anseo, agus ar a cheapachán do'n dúiche ina bhfuil an Bun Beag. Ní raibh bailíocht an cheapachaín sin in amhras cé gur féidir a rá narbh é an duine b'a shásúil a bheith ann ar an 11ú Bealtaine 1976 de bhrí ná raibh go leor Gaeilge aige chun Alt 71 den Acht de 1924 do chomhlíonadh. Ní seasann bailíocht an cheapachaín ar aon eolas teangain cé gur soileír go bheadh sarú cirt aiceanta in aon chuíis ná raibh an fhianaise tuigthe ag an mbreitheamh nó ag na páirtithe sa mhéid a bhí teanga i gceist. Ach nuair a bhíonn fear teangan éifeachtúil i láthair chun a bhfianaise d'aistriú do chách níl aon easpa cirt aiceanta agus is soileír ná raibh aon easpa de'n tsórt sin san chuíis roimh an mbreitheamh Larkin ar an 11ú Bealtaine 1976.

Is é mo thuairim gur theip ar an nGearánaí aon easpa dlínse a shuíomh agus nach bhfuil aon cheart aige ordú i bhfoirm certiorari nó i bhfoirm mandamus, mar a iarrann sé, a fháil i gcoinne na mbreithiún i gceist nó aon duine eile.

Maidir leis an Rialtas, cé gur theip ortha a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh ar an 11ú Bealtaine 1976 mar dúras cheana ní doigh liom gur ceart aon ordú de'n tsórt sin a dhéanamh. Ní bheadh aon toradh as mar tá an cás thart agus tá críoch leis na cursaí a bhain leis an gcás.

Díbhim an t-achomharc.

16.7.82

J MONACHAIN

Walsh J.  
Henchy J.  
Griffin J.  
(89/1980)

AN CHUIRT UACHTARACH



TOMÁS Ó MONACHÁIN

in aghaidh

AN TAOISEACH AGUS EILE

Breithiúnas ón mBreitheamh ó Griofa  
a tugadh ar an 16 Iúil 1982

Aontaim leis an mbreithiúnas atá tugtha ag an mBreitheamh ó hInnse. Ba mhaith liom cúpla focal a chur leis.

I 1924, ag am nuair nár bhí ann don raidio, don teilifís ná do na meáin chumarsáide agus iompair, faoi mar is eol dúinnanois iad, is beag Béarla a thuig tromlach mór na ndaoine a bhí ina gcónaí sna ceantair Ghaeltachta, má thuig siad Béarla ar bith: nō ar an mhéad, ní raibh ach eolas neamhimleor acu chun a gcuide gnó a chur i gcríoch. Bhí sé riachtanach, dā bhri sin, soláthar imleor a dhéanamh chun cùiseanna a éisteacht sna limistéirí sin ina raibh deallramh air go dtabharfaí fianaise i nGaeilge.

Déanadh sin in Alt 71 d'Acht Cúirteanna

Breithiúnais, 1924, tré sholáthar go mbeadh oiread eolais ar an nGaeilge agus a chuirfeadh ar a chumas cás a bheadh ós a chomhair a riadar gan cúnamh ó fhear teanga, ag Breitheamh a sannfaí do Dhúiche ina bhfuil "liomatáiste ina bhfuil an Ghaedhilg in úsáid ghenerálta".

Bhí an riachtanas sin srianta, áfach, ag focail tosaigh an Ailt, i.e. "sa mhéid gur féidir é agus gach ní a bhaineann leis an scéal d'áireamh". Feictear domsa gurb é ceann de na h-éifeachtaí an Ailt, agus é srianta mar sin, in aon chás ar leith, go gcaithfear na cínsí go léir a bhaineann leis an scéal a thabhairt san áireamh agus é faoi mheas cioca an féidir nō nach féidir le Breitheamh Dúice déanamh in éamais cúnaimh ó fhear teanga agus cás á éisteacht aige, agus feictear dom gur féidir le Breitheamh déanamh in éamais cúnaimh ó fhear teanga sa chás amháin ina dtugtar an fhianaise go léir sa Ghaeilge, agus nuair a riartar an cás ina ionláine tré Ghaeilge. Níl ceist ar bith ach gurb é dualgas príomhúil breithimh ar bith, agus cás á éisteacht aige, cothrom na Féinne a thabhairt do na páirtithe. Ní

féidir leis é sin a dhéanamh mura riartar an cás i gcaoi agus i dteanga gur féidir leis na páirtithe agus a gcuid finneithe a thuiscint.

Ag éisteacht chuísiú an ghearánaí os comhair an Ehrithimh Dúiche Keenan Johnson, duirt an gearánaí gur mhian leis go gcuirfeadh an Chomhairle Chontae an cás sa Ghaeilge. Ba mhian le aturnae na Comhairle Chontae an cás a oscailt agus a phlé i mbÉarla. Bhí ceart aige é sin a dhéanamh, agus duirt an Breitheamh go n-éisteódh sé an cás le fear teanga. Thug an chéad fhinné a chuid fianaise as Gaeilge. Dúirt an dara finné nach raibh an Ghaeilge aige, agus thug sé a chuid fianaise as BÉarla. De bhri í gur mhian leis an aturnae an cás a oscailt agus a phlé i mbÉarla agus nach raibh an Ghaeilge ag an dara finné, ní bheadh an ceart ag an mBreitheamh an cás a éisteacht in éamais cúnaimh ó fhearr teanga. Bhí an ceart ag an ngearánaí a chuid fianaise a thabhairt as Gaeilge, ach ní raibh cead ná ceart aige a éileamh go bpléifi nō go gcuirfí an cás go léir sa Ghaeilge, nuair ba mhian leis an aturnae an cás a phlé i

mBéarla agus nuair nach raibh an Ghaeilge ag finnē amháin acu.

Nuair a éistíodh an dara cúisiú ós comhair an Bhreithimh Dúiche Larkin bhí sé riachtanach freisin go n-éisteódh an Breitheamh Dúiche an cás le cúnamh ó fhearr teanga ar na fáthanna céanna agus a tharla i gcás an chuíosithe ós comhair an Bhreithimh Dúiche Keenan Johnson.

Dhibhfinn an t-achomharc seo.

1.63  
11.7.62

O MONACHAIN

AN CHUIRT UACHTARACH

Walsh J.  
Henchy J.  
Griffin J.



1976/2728P  
1980/89

TOMÁS Ó MONACHÁIN

v.

AN TAOISEACH AGUS EILE

Breithiúnas ón mBreitheamh ó hInnse  
a tugadh ar an 16 lúil 1982.

Ciontaíodh an gearánaí, Tomás Ó Monacháin, faoi dhó sa Chúirt Dúiche sa Bhun Beag, Co. Dhún na nGall.

Sin áit atá suite i líomataíste ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid ghinearálta. Cion den chineál céanna a cuireadh ina leith an dá uair. An chead uair (2ú Feabhra 1976) triaileadh é os comhair an Bhreithimh Dúiche Johnson ar ghearán go ndearna sé forbairt (in aghaidh alt 2<sup>4</sup> den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963, gan an cead riachtanach a bheith aige. Héistíodh an cás le cabhair ateangaire a d'aistrigh go Béarla an fhianaise a tugadh i nGaeilge.

Ar chiontú an ghearánaí don Bhreitheamh, ghearr sé fineáil £5 air agus d'ordaigh sé dhó £23.75 a íoc mar chostais agus d'ordaigh sé freisin, mura mbeadh an

(2)

t-ionlán sín íoctha laistigh de thrí mhí, go  
gcaithfeadh an gearánaí dul go priosún go ceann míosa.

An dara huair (llú Bealtaine 1976) triaileadh an  
gearánaí os comhair an Bhreithimh Dúiche Larkin ar  
ghearán go ndearna sé an cion céanna ar ócaid eile.

Arna chiontú sa chion sin, ghearr an Breitheamh Larkin  
fineáil £8.80 air maille le £23.80 i leith costas  
agus hordaiodh mura mbeadh an t-ionlán sin íoctha  
laistigh de mhí go gcaithfeadh an gearánaí trí mhí  
príosúnachta a chur isteach. San éisteacht seo,  
freisin, baineadh úsáid as ateangaire leis an  
bhfianaise a tugadh i nGaeilge a aistriú go Béarla.

Rinneadh na himeachtaí atá os ár gcomhairanois a  
thionscnamh san Ard-Chúirt i mí Meithimh 1976 le toghairm  
ionlánach. Is léir ón ráiteas éilimh gurb iad seo  
na rudai atá a n-éileamh ag an ngearánaí: 1) ordú a  
dhearbhú gur theip ar an Rialtas agus ar an Aire Dlí  
agus Cirt na dualgais a leagadh orthu faoi alt 71 den  
Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, a chomhlíonadh;  
2) ordú i bhfoirm mandamus a chuirfeadh iachall ar an

(3)

Rialtas agus ar an Aire Dlí agus Cirt na dualgais sin a chomhlíonadh; 3) ordú i bhfoirm certiorari chun an dá chiontú a chur ar neamhní; agus 4) damáistí i leith na tréimhse a chaith sé i bpriosún toisc nar íoc sé na suimeanna atá luaite san ordú a rinne an Breitheamh Johnson.

Is é alt 71 d'Acht 1924 bun-údar na n-éileamh sin uilig. Toisc gur hachtaiodh an tAcht sin i mBearla cuirim síos an t-alt sin sa teanga sin:

"So far as may be practicable having regard to all relevant circumstances the Justice of the District Court assigned to a District which includes an area where the Irish language is in general use shall possess such a knowledge of the Irish language as would enable him to dispense with the assistance of an interpreter when evidence is given in that language".

Cáiliocht an Bhreithimh sa Ghaeilge atá i gceist san alt sin. Má cheaptar an Breitheamh do Dhúiche ina bhfuil líomataíste ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid ghinearálta, ní mór dó bheith cáilithe chun feidhmiú in

éagmáis ateangaire nuair a thugtar fianaise trí  
 Ghaeilge. Ach, ar an alt iomlán a scrúdú, is léir  
 nach dualgas neamh-choinníollach atá i gceist. Ní cead  
 an t-alt sin a tharraingt anuas i ngach cás. Nil  
 éifeacht leis an dualgas ach "sa mhéid gur féidir é agus  
 gach ní a bhaineann leis an scéal d'áireamh". Sa chás  
 seo ní gá breithiúnas a thabhairt ar an leithead  
 iomlán ba cheart a thabhairt do na focail "sa mhéid  
 gur féidir é", mar de réir na fianaise a tugadh san Ard-  
 Chúirt ní fhéadfáí a rá go raibh constaic ar bith ar  
 Bhreitheamh Dúiche a shannadh don Dúiche ina bhfuil An  
 Bun Beag suite a bheadh cumasach gnó na círte a  
 dhéanamh gan cabhair a fháil ó ateangaire nuair a  
 bheadh fianaise dá thabhairt as Gaeilge. Is amhlaidh atá  
 an scéal faoi láthair go bhfuil an Breitheamh atá  
 sannta don Dúiche atá i gceist cáilithe chún cás a  
 éisteacht as Gaeilge gan cabhair a fháil ó ateangaire.  
 Fágann sé sin nach bhfuil ceart ag an ngearánaí ordú a  
 fháil i bhfoirm mandamus a chuirfeadh iachall ar an  
 Rialtas ná ar an Aire Dlí agus Cirt féachaint chuige go

gcomhlíonfar an dualgas atá leagtha síos faoi alt 71.

Ach is ceist faoi leith an réimse céille is gá a thabhairt do na focail "agus gach ní a bhaineann leis an scéal d'áireamh". Mura dtugtar an chumhacht chuige sin go soiléir faoi Acht nō faoin mBunreacht, níl ceart ag duine ar bith iarratas a dhéanamh, díreach nō neamh-dhíreach, chun cúirte ar bith foráil Achta ar bith a chiallú mura bhfuil gá leis sin chun ceartas a chur ar fáil faoi chuimse fíoras an cháis. Ní thugtar éisteacht do cheisteanna ná do phointí acadúla ins na círteanna. Dá réir sin, má theastaíonn ó ghearánaí a thaispeáint go riarann alt Achta ar leith a chás, ní mór dó a thaispeáint go bhfuil dlúth-bhaint ag fíorais an cháis leis an alt sin.

Nuair a chasaim ar bhri a thabhairt do na focail "agus gach ní a bhaineann leis an scéal d'áireamh", ní mór prionsabal tábhachtach eile a chur san áireamh. Achtaíodh Acht 1924 roimh theacht i bhfeidhm do Echunreacht 1937. Dá bhri sin, de réir Airteagal 50.1 den Echunreacht sin leanann alt 71 d'Acht 1924 i bhfeidhm agus

in éifeacht faci chuimsiú Bhunreacht an lae inniu agus sa mhéid nach bhfuil sé ina choinne. Leanann sé uaidh sin, má tá dhá bhri í leis an alt, ceann acu ar aimhréir leis an mBunreacht agus ceann eile nach bhfuil ar aimhréir leis, ba cheart éifeacht a thabhairt don bhri í nach bhfuil ar aimhréir.

Breathnaimis mar sin ar na fíorais ábharthacha. Tóigaim i dtosach an t-ionchúiseamh a d'éist an Breitheamh Larkin. Do réir na fianaise a tugadh san Árd-Chúirt, ghlaoigh an Breitheamh Larkin ar ateangaire leis an bhfianaise a tugadh i nGaeilge a aistriú go Béarla. Ach níl focal sa bhfianaise a tugadh san Árd-Chúirt, ná níl leide le fail in áit ar bith eile ins na páipeir atá os ar gcomhair, a thabharfadhl le tuiscint gur d'uireasa cailiúchta i nGaeilge a bhain an Breitheamh feidhm as ateangaire. Gan trácht ar aon riachtanas cruthúnais eile, bhí sé de dhualgas ar an ngearánaí a thaispeáint gur cheal dóthain tuiscint ar Ghaeilge na háite a chas an Breitheamh Larkin ar ateangaire a úsáid. Theip ar an ngearánaí an dualgas

cruthúnais sin a shásamh. Dá bharr sin, gan trácht ar ábhair eile, teipeann ar gach éileamh a dhéanann sé de bhun a chiontaithe os comhair an Bhreithimh Larkin.

Maidir le ciontú an ghearánaí os comhair an Bhreithimh Johnson, ba í Comhairle Chontae Dhún na nGall a thug ar aghaidh an t-ionchúiseamh. D'fhogair aturnae na Comhairle gur i mBéarla a bhí sé leis an ionchúiseamh a oscailt. Lig an Breitheamh dó sin a dhéanamh agus shocraigh an Breitheamh go mbainfeadh sé úsáid as ateangaire. Ba léir don Bhreitheamh go mbeadh cuid den fhianaise as Gaeilge agus, mar a duirt sé san Ard-Chúirt i gcúrsa a chuid fianaise:

"Dúirt mé sa chuírt nach raibh mé sásta go mbeadh mo dhóthain Gaeilge agam agus dúirt mé sin i mBearla - nach raibh mé sásta go raibh mo dhóthain Gaeilge agamsa".

Ar an admháil sin a chloisteáil don ghearánaí, ní hionadh gur chuir sé go láidir i gcoinne an cás a bheith á éisteacht ag an mBreitheamh Johnson le cabhair ateangaire. Dá mba amhlaidh nach raibh i gceist ach an méid sin, bheadh orm a rá go raibh alt 71 á shárú.

Is é mo mheas gurb í an phríomh-chúis gur ritheadh alt 71 go dtabharfaí cothrom na féinne do chainteoiri Gaeilge ó dhúchas a bheadh ag tabhairt fianaise sa Chúirt Dúiche ina gcanúint Ghaeilge áitiúil ar bhealach nach gcaillfí fíor-bhrí a gcuid fianaise, rud a d'fhéadfadh tarlú dá mbeadh an cás á éisteacht ag Breitheamh nach mbeadh tuiscint chruinn aige ar Ghaeilge na hÁite agus a bheadh ag brath ar ateangaire.

Ach, mar a dúirt mé cheana agus mar a léiríonn an cás seo, níl sé de dhualgas neamh-choinníollach faoi alt 71 go mbeidh éisteacht den chineál sin le fail in ngach cás ina mbeidh fianaise dá thabhairt as Gaeilge sa Chúirt Dúiche i gceantar ina bhfuil an Ghaeilge dá húsáid go ginearálta.

Is bun-phrionsabal dlí é — cuid den cheartas aiceanta nach cead a chur ar leataobh — nach bhfuil sé cóir ná dlisteanach cás a éisteacht i dteanga ar bith (fiú amháin i nGaeilge, an teanga náisiúnta) gan seans a thabhairt do dhaoine nach bhfuil an teanga sin acu agus a bhfuil dlúth-bhaint acu — mar pháirtithe, mar fhinnéithe, mar dhliodóirí — leis an gcás, iomlán an

cháis a thuiscint. I gcás den tsórt sin, cé go bhfuil cead ag finné ar bith a chuid fianaise féin a thabhairt ina theanga dhúchais, ní féidir údarás a fháil ó alt 71 ná ó aon fhoráil dli eile le iachall a chur ar an mBreitheamh an cás a éisteacht gan cabhair a fháil ó ateangaire chun tuiscint na fianaise sin a thabhairt do na daoine gur gá an tuiscint sin a bheith acu.

Féach céard a tharla sa chás seo. Tar éis don aturnae ar son na Comhairle Contae an cás a oscailt as Béarla, thug an chéad fhinné a chuid fianaise as Gaeilge agus d'aistrigh an t-ateangaire go Béarla í. Ach an dara finné, thug sé a chuid fianaise as Béarla toisc nach raibh Gaeilge aige. Ón bpointe sin amach, ainneoin alt 71<sup>agus</sup> riú amháin da mba rud é go raibh oiread Gaeilge ag an mBreitheamh agus a chuirfeadh ar a chumas na finnéithe i nGaeilge a thuiscint go cruinn gan cabhair a fháil ó ateangaire, bheadh dualgas air an cás a chur ar siúl ó thosach athuair le hateangaire. Mura ndéanfadh sé amhlaidh, d'fhéadfadh

an Chomhairle Chontae ordú a fhail san Ard-Chúirt a chuirfeadh a bhreith ar neamhni, dá mba rud é nach raibh an bhreith sin i bhfabhar an ghearánaí. Dála an scéil, níor mhiste a thabhairt faoi deara nár shéan an gearánaí, sa Chuirt Dúiche ná san Ard-Chúirt, nach raibh sé ciontach ins na cionta a cuireadh ina leith.

Ba mhaith liom a thabhairt le tuiscint nach aon dli nua atá á chur ar aghaidh agam sa bhreithiúnas seo. Sa chás O Foghludha v. McClean 1934 I.R. 469 bhain na gearánaithe feidhm as Riall Chúirte a thug cead doibh toghairm i nGaeilge a sheirbheáil maille le haistriúchán i mBéarla, ach mar a dúirt an Riall:

.... if not so accompanied [by a translation, the summons or notice] shall be translated into English by one of the interpreters attached to the Central Office and the party serving such summons or notice shall be bound to serve the English version along with the Irish original of the document in question".

Ní raibh aon aistriúchán i mBéalra ag dul leis an toghairm i nGaeilge a sheirbheáil na gearánaithe sa chás sin. Ainneoin sin, nuair nach ndearna an cosantóir láithreas a thaifeadadh, rinne na gearánaithe iarracht breithiúnas a fháil, á rá go raibh an Riall ar aimhréir leis an gcéim a thug Airteagal 4 de Bhunreacht 1922 don Ghaeilge. Níor éirigh leis an argóint sin san Ard-Chúirt ná sa Chúirt Uachtarach. Seo sliocht as an mbreithiúnas a thug Kennedy C.J. sa Chúirt Uachtarach (ag ll. 484-5):

"We may start with this; that the primary duty of the Court is, subject to the Constitution and the law, to do justice between party and party and between party and State; and it follows that the Rules of Court regulating procedure and practice must be framed solely with a view to the adequate and efficient discharge of that duty.

The Rules of Court must take account of the facts of the community in which they operate so far as the doing of justice requires, but they may not be repugnant to the Constitution. In

particular they may not in their operation derogate from the pre-eminent position given to the Irish language, not only as an official language, but as the National language. Nevertheless, if, while rendering full pride of status to the National language, it be found that injustice may thereby be done which can be avoided by provisions not repugnant to that constitutional status, it is the inescapable duty of those who make the Rules of Court to be sedulous to insert in them such provisions for the avoidance of injustice, and so that no one may use the language as an instrument of oppression".

Riall Chúirte agus Airteagal 4 de Bhunreacht 1922

a bhí i gceist sa chás sin, ach tá an sliocht thuas abharthach sa chás seo cé gur Airteagal 9 de Bhunreacht 1937 agus alt 71 d'Acht 1924 atá i gceist. Níl cead ag páirtí ná ag finne brath ar fhórálácha alt 71 le himeachtaí nō le breith a chur ar neamhní mura féidir a thaispeáint nach ndéanfaí éagóir ar an dtaoibh eile tríd an éisteacht a bheith i nGaeilge ar fad agus gan

ateangaire a úsáid le leagan Béarla den fhianaise a chur ar fáil dōibh siúd atá páirteach sa chás agus nach bhfuil dóthain Gaeilge acu.

Deir abhcóide an ghearánai nár theastaigh ón ngearánai ach go bhfaigheadh sé éisteacht sa Chúirt Dúiche faoi alt 71 ó Bhreitheamh a mbeadh tuiscint chruinn aige ar an Ghaeilge a labhartar sa Bhun Beag agus sa cheantar máguaird ionas nach mbeadh gá le ateangaire. Tá cásanna ann ina mbeadh an ceart sin ag gearánai, ach ní feidir an cás seo a áireamh ina measc. Tá ceart i gcónaí ag gearánai nō ag finné ar bith a chuid fianaise féin a thabhairt as Gaeilge, ach níl cead ag gearánai, faoi alt 71 ná faoi aon fhoraíil dli eile, iallach a chur ar an mBreitheamh an cás ar fad a éisteacht as Gaeilge má tá finné nō duine ar bith eile atá páirteach sa chás nach dtuigeann Gaeilge. Da ndéanfadh an Breitheamh amhlaidh, éisteacht aimhréireach leis an mBunreachta bheadh ann, toisc í bheith contrártha don cheartas aiceanta, gan trácht ar í bheith de bhun mhí-thuiscint ar an mbriú cheart a bhaineann le halt 71.

(14)

Dá bharr sin uilig, is é mo thuairim go bhfuil  
teipthe ar an ngearánai san achomharc seo agus go  
raibh an ceart ag an mBreitheamh den Ard-Chúirt  
diúltú do gach éileamh a rinne an gearánai ina  
ráiteas éilimh.

Ceadaithe  
S Ó hD.  
19-7-82